




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sleamhnán tosaigh do chur i láthair Chéim 3 Ailgéabar – Sloinn agus Cothromóidí




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Forléargas a thabhairt ar Shnáithe an Ailgéabair

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is uirlis úsáideach í an t-ailgéabar chun patrúin uimhreacha a ghinearálú agus patrúin a léiriú
- Caithfear siombailí cosúil leis an gcomhartha 'cothrom le' a thuiscint go maith go coincheapúil chun go n-éireoidh le páistí sa mhatamaitic
- Is féidir modhanna chun na hoibríochtaí a chur i gcrích a ghinearálú m.sh. a+b=b+a
- Is féidir tuiscint choincheapúil ar ghinearálú a neartú trí il-léirithe a úsáid mar go dtugann gach léiriú an radharc céanna ar ghaol difriúil.
- Tá nasc láidir idir Ailgéabar agus gach snáithe eile den CMB: Uimhreas, Sonraí, Tomhas agus foirmlí le haghaidh tomhais, Cruth agus Spás (patrún a dhéanamh)

# Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa

## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa' | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2: Rang a haon agus a dó | Céim 3: Rang a trí agus a ceathair | Céim 4: Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| patrúin agus seichimh a **fhiosrú, a leathnú agus a chruthú.** | **coibhneasa** i bpatrúin a **shainaithint agus a chur in iúl**, lena n-áirítear patrúin chrutha atá **ag fás nó ag laghdú** agus seichimh uimhreacha. | **na rialacha a shainaithint** a dhéanann cur síos ar struchtúr an phátrúin agus na rialacha seo a úsáid chun **tuartha a dhéanamh.**<br><br>na coibhneasa idir cáinníochtaí **a léiriú.** | **ginearálaithe a shainaithint, a mhíniú agus a chur i bhfeidhm,** lena n-áirítear na hairíonna a bhaineann le hoibríochtaí, samhlacha matamaiticiúla agus patrúin.<br><br>struchtúir mhatamaiticiúla **a chur i láthair ar roinnt bealaí,** lena n-áirítear léirithe ó bhéal, léaráidí agus léirithe siombalacha. |




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa.


**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair faoi deara conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas atá againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann deireanach, ag cothú tuiscint shaibhir ar

shiombailí agus ar a dtábhacht mhatamaiticiúil.

- Baineann an t-ailgéabar le gach snáithe den churaclam seo agus is é croílár na matamaitice é.
- Tá dhá chineál ailgéabair ann, ailgéabar foirmiúil (cothromóidí) agus smaointeoireacht / réasúnaíocht ailgéabrach.
- Go dtí seo níor tháinig muid ach ar ailgéabar foirmiúil nuair a chuaigh muid isteach san iar-bhunscoil agus go ginearálta ní raibh aon bhuntuiscint/taithí againn ar smaointeoireacht ailgéabrach.
- Ba chóir go gcuirfí béim ar an ailgéabar sa bhunscoil ar fhorbairt na smaointeoireachta ailgéabraí.

Tá smaointeoireacht ailgéabrach riachtanach do scoláirí chun dul i ngleic mar is ceart le hailgéabar foirmiúil.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Sloinn & Cothromóidí

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair faoi deara conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas atá againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann deireanach, ag cothú tuiscint shaibhir ar

shiombailí agus ar a dtábhacht mhatamaiticiúil.

- Baineann an t-ailgéabar le gach snáithe den churaclam seo agus is é croílár na matamaitice é.
- Tá dhá chineál ailgéabair ann, ailgéabar foirmiúil (cothromóidí) agus smaointeoireacht / réasúnaíocht ailgéabrach.
- Go dtí seo níor tháinig muid ach ar ailgéabar foirmiúil nuair a chuaigh muid isteach san iar-bhunscoil agus go ginearálta ní raibh aon bhuntuiscint/taithí againn ar smaointeoireacht ailgéabrach.
- Ba chóir go gcuirfí béim ar an ailgéabar sa bhunscoil ar fhorbairt na smaointeoireachta ailgéabraí.
- Tá smaointeoireacht ailgéabrach riachtanach do scoláirí chun dul i ngleic mar is ceart le hailgéabar foirmiúil




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Dul i mbun tasc matamaitice a chuireann mata-chaint chun cinn bunaithe ar an Ailgéabar

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Na gníomhaíochtaí 'i gcónaí, uaireanta, riamh' bíonn siad oiriúnach do gach aoisghrúpa. Iarrtar ar fhoghlaimeoirí a réasúnaíocht a úsáid chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil sloinn mhatamaiticiúla fíor i gcónaí, uaireanta nó nach mbíonn siad fíor riamh. Ba chóir dóibh samplaí a sholáthar ansin chun a chruthú nuair a bhíonn sloinn fíor i gcónaí, uaireanta nó nach mbíonn siad fíor riamh.
- Cabhróidh sé seo le foghlaimeoirí sloinn mhatamaiticiúla a scrúdú go criticiúil agus a thuiscint cén uair a bhíonn feidhm leo.
- D'fhéadfaí iad seo a áireamh ar na príomhcheisteanna:

- *An bhfuil an ráiteas seo fíor i gcónaí, uaireanta fíor nó nach mbíonn sé fíor riamh?*
- *Cén fáth ar smaoinigh tú go raibh an ráiteas fíor i gcónaí, uaireanta nó nach fíor é riamh?*
- *Ar shíl duine ar bith rud éigin difriúil?*
- *An féidir leat smaoineamh ar am nuair nach mbíonn an ráiteas seo fíor?*
- *An féidir leat a chruthú go bhfuil sé fíor i gcónaí, uaireanta nó nach fíor dó riamh?*
- *Má bhíonn an ráiteas fíor uaireanta, an féidir leat sampla a thabhairt d'am nuair a bhíonn sé fíor agus am nuair nach mbíonn sé fíor?*

• Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun níos mó samplaí de I gCónaí, Uaireanta, Riamh a fháil sa rannóg Micromaths de CMB.oide.ie

# Toradh Foghlama

## Ullmhúchán Taifeadta

**Toradh Foghlama**

Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann.

Fadhbanna a bhfuil luachanna aithnide agus neamhaithnide acu a chur I láthair agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear siombailí litreach nó focail chuí.







**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar an toradh foghlama mar phointe tosaigh don ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim

**Nótaí don mhúinteoir:**

- Is é seo an toradh foghlama d'Ailgéabar Chéim 3 (Sloinn agus Cothromóidí)
- Baineann go leor páistí taitneamh as an matamaitic sa bhunscoil, agus bíonn rath orthu sa bhunscoil, go dtí go dtugtar siombailí teibí agus a n-ionramháil isteach sa mheánscoil.
- Is foirm léirithe é an t-ailgéabar; Is bealach é chun cumarsáid a dhéanamh.
- Má tá mé chun rud éigin a chur in iúl, caithfidh mé a thuiscint cad é an

tuiscint mhaith acu ar choibhéis, na hairíonna atá taobh thiar di (cómhalartach...) agus cén fáth agus cén chaoi a n-úsáidimid siombailí.

- Forbraíonn sé sin le himeacht ama.
- Tá an t-ailgéabar ag teastáil in thart ar 70% de na ceisteanna i scrúdú matamaitice na Sraithe Sóisearaí. Níl ansin ach 3 bliana ón uair a imíonn siad uainn sa bhunscoil!
- Príomhthorthaí na Gluaiseachta Luath-Ailgéabair
- Siombailí a Thuiscint sa Mhatamaitic - Tá úsáid siombailí sa mhatamaitic ar nós teanga a úsáid. Caithfidh daltaí tuiscint a fháil ar an mbrí atá leis na siombailí seo. Ciallaíonn sé sin bogadh níos faide ná rialacha a chur de ghlanmheabhair, mar shampla $a + b = b + a$ nó teacht ar luach $x$ i gcothromóidí mar $3x + 7 = 34$.
- Tógann an Fhoghlaim Am - Tógann sé am agus cleachtadh an t-ailgéabar a thuiscint. Bíonn neart deiseanna de dhíth ar dhaltaí chun a gcuid tuairimí faoi mhata a chloisteáil, a fheiceáil agus a chur in iúl.
- Nithe is Gá do Dhaltaí a Fhoghlaim - Ba chóir do pháistí an coincheap na coibhéise a thuiscint, rud a chiallaíonn go bhfuil a fhios acu nuair a bhíonn dhá shlonn comhionann. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag dalta cén fáth a n-úsáidimid siombailí sa mhatamaitic agus conas a chabhraíonn siad linn fadhbanna a réiteach.

# Algéabar

## Coincheapa Céim 3

Oide

| | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) |
|---|---|
| Torthaí Foghlama | fadhbanna a bhfuil luachanna aithnide agus neamhaithnide acu a chur i láthair agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear siombailí litreach nó focail chuí. |
| Coincheapa matamaiticiúla | Nuair atáthar ag léiriú gnáthchúrsaí an tsaoil, is féidir siombailí a úsáid chun uimhir anaithnid, méid a athraíonn (*athróg*), nó gach uimhir (*an cás ginearálta*). |
| | Is féidir cásanna gnáthshaoil agus feidhmeanna a chur i láthair i réimse d'fhoirmeacha, lena n-áirítear, uimhreacha, focail, siombailí agus táblaí. |
| | Is caidreamh speisialta í feidhm ina bhfuil aon toradh amháin ag gach ionchur. Tá trí phríomhpháirt i gcónaí ann, an t-ionchur, an caidreamh feidhme agus an toradh. |
| | Tá sé áisiúil feidhm a léiriú ach úsáid a bhaint as focail, siombailí, graif, táblaí nó léaráidí chun torthaí a shainaithint le haghaidh ionchuir faoi leith agus an bealach eile thart. |

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Béim a leagan ar na Coincheapa Matamaitice atá mar bhonn faoin toradh foghlama do Shloinn agus Cothromóidí Chéim 3

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is iad na Coincheapa Matamaitice na príomhsmaointe matamaitice atá mar bhonn faoi gach toradh foghlama.
- Bheadh na Coincheapa Matamaitice úsáideach chun Fócas na Foghlama Nua a aithint agus tú ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim
- Tóg cúpla nóiméad chun na Torthaí Foghlama agus na Coincheapa Matamaitice ar Shraith Uirlisí Matamaitice CNCM a iniúchadh tríd an gcód MF thuas a úsáid.

## Foclóir

Oide

*Athróg:* uimhir a d'fhéadfadh athrú agus nach bhfuil comhsheasmhach.

*Feidhm:* déanann sé cur síos ar an ngaol idir athróg amháin agus athróg eile.

*An t-tionchur agus an toradh:* Is é an t-ionchur an uimhir a chuireann tú isteach sa sloinn agus is é an toradh an rud a gheobhaidh tú tar éis an ríomh a chríochnú.

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

An teanga mhatamaiticiúil athróg, feidhm, ionchur agus aschur a thabhairt isteach

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Roinnt sainmhínithe a d'fhéadfá a roinnt leis na páistí.
- Thiocfadh samplaí mar seo a leanas a thabhairt:
    - Is ionann athróg agus rud nach mbíonn i gcónaí mar an gcéanna, fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu rud ar bith a sílfeadh siad gur athróg é? Mar shampla, dath súl duine, dath gruaige, tá siad athraitheach. Is féidir leis an teocht sa seomra a bheith athraitheach fiú, ní bhíonn sé mar an gcéanna i gcónaí.
    - Úsáidtear feidhmeanna chun tascanna aonair nó seicheamhacha a

casta. Is féidir feidhmeanna a athúsáid agus a oiriúnú. Go bunúsach, is féidir le feidhmeanna aon rud a dhéanamh a insíonn tú dóibh. Tá sé éasca feidhmeanna a mhíniú do pháistí, ach smaoinigh ar rudaí a dhéanann siad gach lá, cosúil lena gcuid fiacla a scuabadh Is ionchur é cibé rud a chuireann tú isteach i gcóras. Is ionann aschur agus cibé rud a thagann amach as an gcóras. Mar shampla, is samplaí d'ionchuir i ríomhaire an leictreachas, gluaiseachtaí agus cliceanna na luiche, agus na heochracha a chlóscríobhann tú ar mhéarchlár.

- I measc roinnt samplaí d'aschur áirítear: Fuaim ag teacht ó challaire fón póca. Téacs ag teacht aníos ar scáileán ríomhaire glúine nó ar mhonatóir ríomhaire. Pictiúir priontáilte ó chlódóir.

## Coibhéis (*cothromas*)

$$8 + 4 = \square + 5$$

**Dearcadh Oibríochta ar an gComhionannas**

8 + 4 = 12 + 5
8 + 4 = 17 + 5

**Dearcadh Caidrimh ar an gComhionannas**

8 + 4 = 7 + 5

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Eispéireas foghlama a chur i láthair


**Nótaí do mhúinteoirí:**

- I roinnt staidéir a rinneadh fuarthas amach arís agus arís eile gur lú ná 10% de leanaí idir 6-12 bhliain d'aois a dhéanann an chothromóid seo mar is ceart.
- I staidéar amháin in 1999, níor réitigh aon duine den 145 rannpháirtí 12 bhliain d'aois mar is ceart í (Faulkner, Levi & Carpenter, 1999).
- Bíonn tréan taithí ag scoláirí i leithéidí 3x8=__; 6+2=__ agus éiríonn sé ina rud nádúrtha a cheapadh "tagann an freagra ina dhiaidh sin".
- Tá an-fhadhb ag baint leis an míthuiscint seo nuair a thagann daltaí ar shloinn agus ar chothromóidí casta sa bhunscoil shinsearach agus sa

mheánscoil

- Chun tuiscintí do dhaltaí ar chothroime a fhiosrú, cuir an fhadhb thuas ina láthair agus déan a gcuid freagraí a thaifeadadh.
- Léiríonn na freagraí (míchearta) thuas dearcadh oibríochtúil ar chothroime, m.sh.:
    - 8 + 4 = 12 + 5
    - 8 + 4 = 17 + 5
- Nuair a thugann páistí freagraí 12 nó 17, creideann siad go gciallaíonn an comhartha 'cothrom le' is é sin (an freagra). Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil sé loighciúil do pháistí mar sin nuair a fheiceann tú comhartha cothrom le gur chóir an ríomh atá roimh an gcomhartha 'cothrom le' a dhéanamh agus gurb í an uimhir ar dheis ón gcomhartha cothrom le an freagra ar an ríomh sin.
- Tá an dearcadh 'oibritheora' seo ann de thoradh na róbhéime ar fhadhbanna den déanamh a + b = q
- Léiríonn an freagra ceart seo dearcadh coibhneasta ar chothroime: 8 + 4 = 7 + 5
- Creideann leanaí a bhfuil dearcadh coibhneasta acu ar chothroime go gciallaíonn an comhartha cothrom le 'is é sin an luach céanna le'. Tuigeann leanaí mar sin go bhfuil na méideanna ar gach taobh den chomhartha 'cothrom le' mar an gcéanna go coibhneasta. Ansin cuardaíonn siad luach, nuair a chuirtear sa fhráma é, go dtabharfaidh sé ar an dá thaobh den chomhartha 'cothrom le' a chéile a chothromú.

# Cóibheas




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Aird a tharraingt ar thábhacht na teanga .

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá sé tábhachtach béim a chur ina luí ar dhaltaí go gciallaíonn an comhartha = 'cothrom le' agus go dtaispeánann sé go seasann an dá thaobh den chothromóid don uimhir chéanna.
- Is bealach iontach é an Mheá ailgéabrach chun coibhéis a thaispeáint le rudaí nithiúla

**Acmhainní:**

https://polypad.amplify.com/p/c7nvBuCCdXaIpw#balance




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Béim a dhíriú ar thábhacht na teanga agus gníomhaíocht a dhéanamh chun coibhéis a iniúchadh ag úsáid slonn agus cothromóidí

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Úsáid meá dhá phanna ar an gclár bán. Scríobh slonn ar thaobh amháin agus slonn eile ar an taobh eile den mheá (íomhá 1). Caithfidh páistí a oibriú amach an mbeidh an mheá cothrom nó claonta. Is féidir leo raon straitéisí a úsáid anseo chun an fhadhb a réiteach. Má tá an mheá cothrom, scríobhann siad an chothromóid leis an gcomhartha =. Má tá an mheá claonta, úsáideann na páistí na comharthaí < agus >.
- Forbairt air sin - Scríobh slonn amháin ar cheachtar panna den scála. Caithfidh na páistí slonn a scríobh ar an taobh eile chun an scála a chothromú. Tabharfar réimse réitigh chearta anseo agus is féidir iad a

iniúchadh.

- Nuair a bhíonn páistí an-chleachta leis an meá a úsáid agus le cothromóidí a scríobh, is féidir linn an luach anaithnid X nó go díreach bosca folamh a thabhairt isteach.
- Anseo, aimsíonn páistí luach x trí uimhreacha éagsúla a thriail agus arís, sloinn a scríobh do gach ceann acu.

# Fíor nó Bréagach

Oide

| | | |
|---|---|---|
| Tá 8 x 6 cothrom le 240 ÷ 5 | Tá 12 x 9 cothrom le 649 - 541 | 38 x 21 = 42 x 15 |
| 29 x 6 = 2, 088 ÷ 12 | 3 x 6 x 5 = 15 x 6 | Tá 7 x 9 cothrom le 504 ÷ 8 |
| Tá 1,876 ÷67 cothrom le 868 ÷ 31 | Tá 12 x 12 cothrom le (11 x 12) + 12 | 5 x 8 x 3 = 10 x 2 x 6 |
| 19 x 56 = 28 x 38 | $5^2$ x 5 x 3 = 25 x 15 | Tá 24 x 13 cothrom le (19 x 11) + (8 x 12) + 7 |

Curtha in oiriúint ó *Elementary and Middle School Mathematics* John A. Van De Walle

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sloinn Fhíora nó Bhréagacha a thabhairt isteach mar bhealach chun obair a dhéanamh ar shloinn agus ar chothromóidí

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- B'fhéidir nach bhfuil taithí ag páistí ar shloinn fhíora/bhréagacha, ach tá sé réasúnta éasca iad a chur ina láthair.
- Is tús maith é ráitis fhíora agus bhréagacha chun cabhrú le daltaí leis an gcomhartha cothrom le trína iniúchadh cé acu atá cothromóidí fíor nó bréagach
- Tosaigh le samplaí simplí chun a mhíniú cad é is brí le cothromóid fhíor agus cad é is brí le cothromóid bhréagach;
- Cuir na páistí ag caint go ginearálta faoi uimhir-abairtí atá fíor/bréagach nó cad é a chiallaíonn sé uimhir-abairt a bheith fíor nó bréagach

Is smaoineamh maith é tosú le habairtí simplí a bhaineann le ríomhanna réasúnta simplí le digit amháin ar thaobh na láimhe deise den chomhartha cothrom le m.sh. 5+6= 11 srl. Tabhair isteach cinn nach bhfuil oiread sin taithí acu orthu ar nós 7= 2+5. Is minic a chreideann daltaí go gcaithfidh oibríocht a bheith ar thaobh na láimhe clé agus freagra ar thaobh na láimhe deise.

- Nuair a bhíonn páistí compordach leo sin, is féidir leat bogadh chuig cothromóidí mar shampla 3x7=7x3 an bhfuil sé sin fíor nó bréagach? Cén chaoi a bhfuil a fhios againn?
- Seiceálann páistí freagraí ag úsáid ábhair nithiúla. Éist lena réasúnaíocht agus d'fhéadfaí níos mó ráitis a phleanáil dá réir. Is féidir an mheá pannaí a úsáid anseo freisin chun ráitis a chruthú (mar a iniúchadh sna sleamhnáin roimhe seo).
- Tar éis do pháistí go leor ama a chaitheamh ag obair le ráitis fhíora nó bhréagacha, is féidir leo roinnt dá gcuid féin a scríobh. Iarr ar na páistí ceithre shloinn fhíora nó bhréagacha a scríobh, agus ar a laghad ceann amháin acu a bheith fíor agus ar a laghad ceann amháin acu bréagach. Spreag iad chun ceann "casta" a scríobh.

# Abairtí Uimhris Oscailte

| | | |
|---|---|---|
| 5 + 11 = ___ | 4 + __ = 16 | 11 + 16 = __ - 1 |
| 6 – n = 7 - 4 | N + 5 = 5 + 8 | 15 + 27 = n + 28 |
| 3 x 7 = 7 x ___ | __ x 4 = 48 | __ = 23 - 5 |

Curtha in oiriúint ó *Elementary and Middle School Mathematics* John A. Van De Walle

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Uimhir-abairtí Oscailte a thabhairt isteach ag leanúint d'abairtí fíora nó bréagacha

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Nuair a bhíonn taithí ar ráitis fhíora nó bhréagacha ag daltaí, tabhair isteach uimhir-abairtí oscailte.
- Is sloinn iad seo le bosca atá le líonadh isteach nó le litir atá le hathrú ina huimhir m.sh. x, n srl.
- Chun tuiscint a fhorbairt ar uimhir-abairtí oscailte, spreag na daltaí breathnú ar an uimhir-abairt ina hiomláine agus a bheith ag fiafraí, ag úsáid focal nó pictiúr, cad é a léiríonn an chothromóid
- Arís, tosaigh le habairt shimplí mar 5+8= __ . Úsáid abairtí atá cosúil leis na abairtí fíora nó bréagacha ón sleamhnán roimhe seo.


chríochnú agus a gcuid smaointeoireachta a mhíniú.


- Is féidir leis na 4 hoibríochtaí a bheith san áireamh sna habairtí seo.
- Lig do pháistí roinnt uimhir-abairtí oscailte dá gcuid féin a scríobh dá gcuid cairde le réiteach.
- Arís, is féidir le páistí a bheith ag obair le rudaí nithiúla, le pictiúir agus le rudaí teibí ar gach tasc (ag úsáid ábhair nithiúla, ag tarraingt pictiúir nó ag obair le comharthaí agus siombailí)


# Abairtí Uimhris Oscailte

## Scríobh nó tarraing cothromóid

$$18 + n = 26$$



**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Cothromóidí a thabhairt isteach.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Spreagtar páistí anseo chun a gcothromóid féin a scríobh nó a tharraingt.
- Ar dtús, tabhair sampla de chothromóid do pháistí, mar shampla 18 + uimhir = 26.
- Is féidir páistí a spreagadh chun ábhair nithiúla a úsáid chun a dtuiscint a léiriú.
- Is féidir samplaí a fheiceáil anseo den obair a rinne roinnt de na páistí. D'úsáid páiste amháin boinn chun a dtuiscint a thaispeáint, tá fadhb focal scríofa ag páiste eile agus d'úsáid páiste eile licíní déthaobhacha.
- Deiseanna féideartha forbartha:

- Iarr ar pháistí a gcuid oibre a léiriú ar bhealach difriúil, mar shampla leis na boinn, cad iad na teaglamaí eile is féidir a úsáid chun an uimhir 18 a dhéanamh? Srl.
- Iarr ar pháistí a gcothromóid féin a chumadh agus a iarraidh ar a gcairde an chothromóid a réiteach.

- Tá úsáid samhaltú matamaiticiúil le feiceáil sa tasc seo. Is ionann samhaltú agus páistí ag úsáid na Matamaitice chun cur síos a dhéanamh ar chomhthéacs faidhbe agus réitigh chiallmhara a oibriú amach ar an bhfadhb.
- Cruthaíonn páistí samhlacha trí phróiseas tástála, athbhreithnithe agus a léirmhíniú a chur in iúl. Cumann páistí a gcuid samhlacha matamaitice neamhfhoirmiúla féin go nádúrtha ar bhealach atá sonrach ó thaobh comhthéacs de agus a dhéanann ciall dóibh. De réir mar a fhásann eolas, tuiscint agus taithí na bpáistí, is féidir leo samhlacha níos foirmiúla, níos sofaisticiúla agus níos éifeachtaí a cheapadh ar féidir leo iad a úsáid chun a gcuid smaointe a roinnt, a nascadh agus a chur in iúl do dhaoine eile. Is féidir leo na samhlacha seo a aistriú chuig réimse comhthéacsanna éagsúla ar bhealach a bhainfidh siad féin agus daoine eile ciall astu.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Boird smaointeoireachta a thabhairt isteach

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Ní mór do scoláirí tuiscint dhomhain a fháil ar bhrí agus ar úsáid na gceithre oibríocht bhunúsacha, ar a naisc lena chéile agus le húsáidí san fhíorshaol. Chun naisc choincheapúla a thógáil idir na cineálacha éagsúla cásanna agus na hoibríochtaí suimithe, dealaithe, iolraithe agus roinnte, tá gá le héagsúlacht shaibhir agus sholúbtha slonn thar thréimhse fhada ama. Níor chóir an cás a dheifriú.
- I measc na bhfoirmeacha éagsúla léirithe seo áirítear scripteanna bunaithe ar thaithí d'imeachtaí ón bhfíorshaol nó súgradh drámatúil, láimhseoga, pictiúir agus léaráidí, teanga labhartha, siombailí scríofa in uimhir-abairtí. Dá bhrí sin, ba chóir don scoláire cur síos, léiriú agus

iolraithe (iolrú agus roinnt) go drámatúil, go fisiciúil, le léaráidí, ó bhéal agus le siombailí.

- Tá go leor múinteoirí tar éis a fháil amach go gcuidíonn 'bord smaointeoireachta' le daltaí bealaí éagsúla chun na hoibríochtaí a léiriú a nascadh. Tá go leor leaganacha éagsúla den bhord smaointeoireachta ann, agus bealaí lena úsáid. Leis na leaganacha simplí, déileáiltear le fadhb amháin ag an am.
- Is féidir boird smaointeoireachta a úsáid chun Cothromóidí Ailgéabair agus uimhir-abairtí oscailte a réiteach.
- Is e fócas an bhoird smaointeoireachta na naisc a aimsiú idir na bealaí éagsúla chun an fhadhb a léiriú. Cabhraíonn sé seo leis an scoláire díriú ar bhrí na hoibríochta seachas ar ríomh go díreach chun teacht ar fhreagra.

## Sloinn agus Cothromóidí
### Feidhmeanna

Sa mhatamaitic, is éard atá i gceist le feidhm ná ábhar matamaiticiúil a tháirgeann toradh, nuair a thugtar ionchur di. Is féidir riail a thabhairt ar feidhm chomh maith.

**Ionchur**

**Toradh**

**Feidhm/Riail**








**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar an sainmhíniú ar fheidhmeanna sa mhatamaitic


**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Is ionann feidhm agus réad matamaiticiúil a tháirgeann aschur.
- Is féidir coincheap feidhme a mhíniú do leanbh ar bhealach simplí agus intuigthe. Is féidir analaí meaisín díola a úsáid, áit a gcuireann tú cineál áirithe boinn nó bille isteach (an t-ionchur), agus ansin tugann an meaisín sneaiceanna nó deoch ar leith duit (an t-aschur).
- Díreach mar a bhíonn aschuir éagsúla mar thoradh ar ionchuir éagsúla ón meaisín díola, glacann feidhm ionchur isteach agus tugann sé aschur ar leith amach. Is féidir samplaí ón ngnáthshaol a úsáid freisin, mar shampla uimhreacha a chur in áireamhán nó oideas a leanúint chun brioscaí a bhácáil.

# An Róbó Suimithe

## Gníomhaíocht

Coincheapa:
Is féidir cásanna gnáthshaoil agus feidhmeanna a chur I láthair I réimse d'fhoirmeacha, lena n-áirítear, uimhreacha, focail, siombailí agus tablaí.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sampla de ghníomhaíocht mhatamaitice a thaispeáint do na rannpháirtithe ag úsáid feidhmeanna.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá torthaí foghlama leathan de nádúr. Nuair a bhíonn tú ag obair le torthaí foghlama, tá sé úsáideach an toradh foghlama a bhriseadh síos i réimsí fócais. I gcás na gníomhaíochta seo, is é an toradh foghlama atá ann fadhbanna le luachanna aitheanta agus anaithnide a léiriú agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla agus siombailí litreach nó focail chuí a bheith in úsáid sa toradh
- Tá coincheap na matamaitice taifeadta ag barr an tsleamhnáin seo: Is féidir cásanna agus feidhmeanna ón bhfíorshaol a léiriú i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear uimhreacha, focail, siombailí agus táblaí.

- Sa ghníomhaíocht seo is féidir leat ceist a chur ar na páistí faoin róbat seo. Cad é a tharlaíonn nuair a théann na huimhreacha tríd an róbat? An éireoidh siad níos mó / níos lú? Conas atá a fhios agat? Cad é an t-ionchur anseo; is é na huimhreacha 5,9, 31 atá ann agus is é an fheidhm 10 a chur leis agus is é an t-aschur 15,19 agus 41.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a athrú agus feidhm iolraithe nó feidhm roinnte a dhéanamh den fheidhm.
- Tá sé tábhachtach aird na bpáistí a tharraingt ar an teanga mhatamaiticiúil, ionchur, feidhm/riail agus aschur

# An Oigheann lochtach

## Tasc

'Inné tharla rud éigin an-aisteach dom! Bhuel... Is breá liom bácáil agus inné rinne mé 2 chíste (pictiúr/grianghraf ar taispeáint ar an gclár bán) agus chuir mé san oigheann iad. Nuair a thóg mé na cístí amach, tharla rud éigin aisteach dóibh.'

Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoin rud a tharla.



NCE-MSTL

**Teaching Algebra in the Primary Classroom: Functions**
**The 'Function' Machine**
**Maireád Hourigan, Aisling Leavy, Áine McMahon**

**Introduction**

**Teaching: the Function-Machine Concept**



***Fócloir: ionchur, feidhm, toradh***

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Ceacht an 'Oighinn Lochtaigh' a thabhairt isteach.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Cuirtear an cás seo a leanas i láthair na bpáistí: 'Inné tharla rud éigin an-aisteach dom! Bhuel... Is breá liom bácáil agus inné rinne mé 2 chíste (pictiúr/grianghraf ar taispeáint ar an gclár bán ag úsáid osteilgeora) agus chuir mé san oigheann iad. Nuair a thóg mé na cístí amach, tharla rud éigin aisteach dóibh.' Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoin rud a tharla.
- <u>Freagraí a bhfuil súil leo/Freagraí fíora Daltaí</u>
    - Chuir tú an iomarca púdair bhácála isteach / Dódh iad

(Nóta: Tá an tasc seo curtha in oiriúint ó alt le: Hourigan, M., Leavy, A.M. & McMahon (2012) 'Teaching Algebra in the Primary Classroom. Functions. The Function Machine')




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Ceacht an 'Oighinn Lochtaigh' a fhorbairt.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- <u>Cuir an toradh a tharla os a gcomhair:</u> 'Nuair a d'oscail mé an t-oigheann bhí an chuma ar an scéal go raibh níos mó ná 2 chíste ann. Féach an rud a fuair mé! (Taispeáin an pictiúr/grianghraf de 4 chíste don rang)... Déanaimis iad a chomhaireamh'
- Iarr ar pháistí na cúiseanna leis an athrú a thuar.
- <u>Freagraí a bhfuil súil leo/Freagraí fíora daltaí</u>
    - Chuir sé dhá cheann leis
    - Dhúbail sé iad
    - Tá sé cosúil le meaisín clónála

    - Caithfidh gur oigheann speisialta í

- Ina dhiaidh sin, tugtar deiseanna breise do na daltaí taithí a fháil ar an bhfeidhm/riail atá in úsáid ag an oigheann trí shamplaí eile: 'Níos déanaí tráthnóna inné rinne mé 5 lasáinne (ar taispeáint ar an gclár) toisc go raibh cairde ag teacht don dinnéar, ach nuair a bhí siad cócaráilte d'oscail mé an t-oigheann agus cad é a shíleann sibh a fuair mé?'

- <u>Freagraí a bhfuil súil leo/Freagraí fíora Daltaí</u>

    - Níos mó lasáinne
    - 7 lasáinne
    - 10 lasáinne

- Tabhair leid/déan fiosrú nuair is gá m.sh. 'Aon bhuille faoi thuairim eile?'; 'Ar tháinig níos mó nó níos lú amach, dar leat?’

- Cuireann an múinteoir na torthaí i láthair agus spreagann sé na daltaí chun an riail/patrún a aithint a chinneann líon na n-earraí, m.sh. 'Fuair mé 10 lasáinne! Níl a fhios agam cad é atá cearr le m’ oigheann. Cad atá á dhéanamh aige leis an mbia gach uair?'


- Tabhair leid/déan fiosrú más gá, m.sh. 'Ar thug tú faoi deara aon rud speisialta ag tarlú don bhia a chuirim isteach gach uair?'; 'An dtugann sibh patrún faoi deara?'

- <u>Freagraí a bhfuil súil leo/Freagraí fíora Daltaí</u>

    - Ba bhreá liomsa oigheann mar sin a bheith agam!
    - Tá sé ag déanamh an líon san oigheann níos mó gach uair
    - Tá sé ag dúbailt

- Is féidir tuiscint na ndaltaí ar nádúr na feidhme/rialach a thástáil ina dhiaidh sin trí cheisteanna múinteoirí mar: 'Dá mbeinn chun 3 thoirtín úill a bhácáil san oigheann cé mhéad a bheadh ann, dar libh, nuair a rachainn chun iad a thógáil amach?’

- Mínítear do na daltaí coincheap an mheaisín feidhme/rialach: 'Thuig mé go luath nach oigheann é m’oigheann ar chor ar bith... Is meaisín draíochta é ar a dtugtar an 'Gineadóir Rialacha Mata’.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

An meaisín feidhme a thaispeáint ar Amplify Polypad

**Nótaí do mhúinteoirí:**

Inis do na páistí go bhfuil pictiúr de mheaisín feidhme ar an sleamhnán. D'fhéadfá meaisín fisiciúil a thabhairt isteach chuig na páistí sa rang.


Tugtar deis do dhaltaí oibriú i ngrúpaí chun rialacha/feidhmeanna a chumadh agus a aithint. Is féidir é seo a dhéanamh freisin ar Amplify Polypad, agus is féidir an riail a cheilt.

- Tar éis taispeántas an mhúinteora, beidh na daltaí ag gníomhú, ar a seal, mar 'ghineadóir rialach'. Is é atá i gceist leis seo daltaí sa ghrúpa a bheith ag tabhairt ionchur (idir 0 agus 10) agus an 'gineadóir rialacha' ag oibriú amach agus ag tabhairt an aschuir (ag baint úsáid as riail rúnda m.sh. +5).

- D'fhéadfaí rialacha a thabhairt maidir le sealaíocht (m.sh. ag dul deiseal). Mar a tharla sa chéim roimhe seo, déantar an fhaisnéis a thaifeadadh ionas gur fusa an riail a thuar agus a sheiceáil
- Is féidir an tasc seo a fhorbairt tríd an bpatrún a thabhairt do na grúpaí agus a iarraidh orthu an riail a aimsiú.

**Acmhainní:**

https://polypad.amplify.com/p#functions





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Dul i mbun tasc ceannoscailte

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Smaoinigh cad é a dhéanann tasc ceannoscailte den tasc seo? (conairí éagsúla agus réitigh éagsúla)
    - An bhfuil níos mó ná réiteach amháin ann?
    - An bhfuil sraith rialacha nó gnásanna le leanúint?
    - Cad é pointe matamaiticiúil an taisc?
    - Tabhair deis do pháistí dul i ngleic leis an tasc

**Acmhainní:** Is féidir teacht ar thuilleadh tascanna ceannoscailte sa rannóg Micrea-Mhatamaitic ar shuíomh Gréasáin https://CMB.oide.ie/ tríd an gcód MF




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Léarscáileanna coincheap a iniúchadh mar fhoirm mheasúnaithe.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is léirithe amhairc faisnéise iad léarscáileanna coincheap. Is féidir leo a bheith i bhfoirm cairteacha, eagraithe grafacha, táblaí, sreabhchairteacha, Léaráidí Venn, nó amlínte. Tá léarscáileanna coincheap úsáideach go háirithe do dhaltaí a fhoghlaimíonn níos fearr ó thaobh amhairc de, cé gur féidir leo dul chun tairbhe d’aon chineál foghlaimeora. Is straitéis staidéir chumhachtach iad toisc go gcuidíonn siad leat an pictiúr mór a fheiceáil: trí thosú le coincheapa ardleibhéil, cuidíonn léarscáileanna coincheap leat faisnéis a bhriseadh ina giotaí bunaithe ar naisc fhiúntacha.


- I bhfocail eile, ach an pictiúr mór a bheith ar eolas agat, bíonn na sonraí níos suntasaí agus is éasca cuimhneamh orthu.

coincheapa éagsúla a fheiceáil agus a thuiscint. Ó thaobh amhairc de, mar sin, bíonn sé níos fusa anailís a dhéanamh ar phíosaí eolais agus iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile.

- Léarscáileanna coincheap a dhéanamh agus a úsáid: Tá sé simplí ceann a dhéanamh. Níl aon bhealach ceart ná mícheart ann chun léarscáil choincheap a dhéanamh. Is é an phríomhchéim díriú ar na bealaí a bhfuil smaointe nasctha lena chéile. Le haghaidh cúpla smaoineamh ar an gcaoi chun tús a chur leis, tóg amach bileog pháipéir agus déan iarracht na céimeanna thíos a leanúint:
    - Sainaithin coincheap.
    - Ón gcuimhne, déan iarracht eagraí grafach a chruthú a bhaineann leis an gcoincheap seo. Is bealach iontach é tosú ó chuimhne chun measúnú a dhéanamh ar an méid a thuigeann tú cheana féin agus cad is gá duit a athbhreithniú.
    - D'úsáidfeá léarscáileanna coincheap freisin mar uirlis laistigh de dhialanna mata.

**Acmhainn:**

Ábhair Thacaíochta CNCM: 'Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile' ar fáil ar https://pmc.oide.ie/ga/





**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar Léarscáileanna Coincheap


**Nótaí do mhúinteoirí:**


Úsáid doiciméad tacaíochta CNCM 'Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile' ar fáil ar https://pmc.oide.ie/ga/ chun eolas a fháil faoi Léarscáileanna Coincheap

## Samplaí de léarscáileanna coincheap páistí




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Samplaí a sholáthar de léarscáileanna coincheap páistí

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Mar a luadh sa sleamhnán roimhe seo, dearadh mapáil choincheap chun an gaol molta a thaispeáint go léaráideach atá idir smaointe agus coincheapa éagsúla. Is minic a scríobhtar iad laistigh de chiorcail nó de bhoscaí agus déantar cur síos orthu ag úsáid príomhfhocail, tá coincheapa nasctha le focail nó le frásaí a mhíníonn an nasc idir na smaointe éagsúla seo.
- Seo roinnt samplaí ag páistí. Rinneadh an coincheap ar an taobh uachtarach ar dheis ar mhionchlár bán, is féidir pictiúr a thógáil chun an cineál seo féinmheasúnaithe a thaifeadadh
- Déantar an ceann ag an mbun ar chlé trí TF a úsáid.  Is  féidir léarscáileanna coincheap a dhéanamh ar go leor bealaí, is cineál féinmheasúnaithe iad
- Tríd an foghlaimeoir/na foghlaimeoirí a bheith rannpháirteach, tugtar soiléireacht agus treo don teagasc agus méadaíonn sé spreagadh na bhfoghlaimeoirí. Trí fhoghlaimeoirí a bheith rannpháirteach i measúnú a

dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar obair a chéile, tugann sé léargas níos fearr don mhúinteoir ar spreagadh agus ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí agus is foinse sonraí luachmhara é le haghaidh tuairiscí do thuismitheoirí.